**Iarraidh ar réamhrialú ón Curtea de Apel București (An Rómáin) a taisceadh an 22 Nollaig 2021 – Uniunea Producătorilor de Fonograme din România (UPFR) v Societatea Națională de Transport Feroviar de Călători (SNTFC) "CFR Călători" SA**

**(Cás C-826/21)**

(2022/C 191/11)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Curtea de Apel Pitești (an Rómáin) an 5 Eanáir 2022 – EF, GH, IJ v KL**

**(Cás C-13/22)**

(2022/C 191/12)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Curtea de Apel Pitești

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* EF, GH, IJ

*Cosantóir:* KL

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1) An gcuirtear bac le prionsabal neamhspleáchas na mbreithiúna, atá cumhdaithe sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh in éineacht le hAirteagal 2 CAE agus Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ar fhoráil náisiúnta, amhail Airteagal 148(2) de Bhunreacht na Rómáine, arna léiriú ag an Curtea Constituțională (an Chúirt Bhunreachtúil, an Rómáin) ina breithiúnas Uimh. 390/2021, ar foráil í nach bhfuil dlínse ag cúirteanna náisiúnta a thuilleadh scrúdú a dhéanamh ar chomhréireacht forála náisiúnta le dlí an Aontais, ar foráil í a fuarthas a bheith comhsheasmhach leis an mBunreacht le breithiúnas ón gCúirt Bhunreachtúil?

2) An gcuirtear bac le prionsabal neamhspleáchas na mbreithiúna, atá cumhdaithe sa dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh in éineacht le hAirteagal 2 CAE agus Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ar fhoráil náisiúnta, amhail Airteagal 99(ș), Legea nr. 303/2004 privind statutul judecătorilor și procurorilor (Gníomh Uimh. 303/2004 maidir le rialacha lena rialaítear breithiúna agus ionchúisitheoirí), lena gceadaítear imeachtaí araíonachta a thionscnamh agus pionós araíonachta a fhorchur ar bhreitheamh as mainneachtain bhreithiúnas na Cúirte Bunreachtúla a chomhlíonadh, i gcás ina n-iarrtar ar an mbreitheamh sin tosaíocht a thabhairt do dhlí an Aontais ar fhorais bhreithiúnas de chuid na Cúirte Bunreachtúla, cé go bhfágfaí an fhoráil sin den dlí náisiúnta lena mbaineann an breitheamh gan an fhéidearthacht breithiúnas de chuid na Cúirte Breithiúnais a chur i bhfeidhm a mheasann an breitheamh go bhfuil tosaíocht aige?

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal du travail francophone de Bruxelles (an Bheilg) a taisceadh an 20 Eanáir 2022– HK v Service fédéral des Pensions (SFP)**

**(Cás C-45/22)**

(2022/C 191/13)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal du travail francophone de Bruxelles